TREOIR MAIDIR LE hAIGHNEACHTAÍ

SOLÁTHAR

SEIRBHÍS CRAOLACHÁIN FUAIME POBAIL

DO

BHAILE ÁTHA LUAIN AGUS DÁ PHURLÁIN

Coimeádann Údarás Craolacháin na hÉireann (“an BAI”) an ceart aige féin aon chuid den *Treoir seo ar Aighneachtaí chun Seirbhís Craolacháin Fuaime Pobail a Sholáthar do Bhaile Átha Luain Agus Dá Phurláin ("Treoir")* a cheartú nó a shoiléiriú.

Cuirfear aon cheartuithe, soiléirithe nó faisnéis bhreise den sórt sin ar shuíomh gréasáin an BAI, www.bai.ie

Is ceart ceisteanna maidir leis an *Treoir* seo a chur le ríomhphost chuig fhoireann ceadúnaithe ag an tÚdarás:

Ríomhphost: licensing@bai.ie

Clár Ábhar

1. RÉAMHRÁ 3

2. NÓSANNA IMEACHTA CHUN IARRATAS A CHUR ISTEACH 5

3. EOLAS D'IARRATASÓIRÍ 7

3.1 Creat Reachtúil agus Beartais 7

3.2 An Réimse Sonraithe 7

3.3 Measúnú na nIarratas 8

3.4 Maitrís Scórála 14

3.5 Próiseas Cinnteoireachta 16

3.6 Bronnadh Dámhachtain 17

3.7 Tréimhse an Chonartha 18

3.8 Athruithe an Chomhdhéanaimh 18

3.9 Aistriú an Chonartha 18

3.10 Tobhach Bliantúil an BAI 18

4. FORMÁID AN IARRATAIS 19

Cuid 1 – Innéacs 19

Cuid 2 – Réamhrá an iarratasóra 19

Cuid 3 – Úinéireacht agus Rialú 19

Cuid 4 – Caidreamh Pobail agus Lucht Féachana 23

Cuid 5 – Clársceidealú 25

Cuid 6 – Stiúideonna agus Tarchur - 29

Cuid 7 – Anailís Margaidh, Plean Airgeadais agus Gnó 33

Cuid 8 –Tús Beartaithe an Chraolacháin 37

Iarscríbhinn 1 38

Iarscríbhinn 2 40

1. RÉAMHRÁ

De bhun alt 65(8), ar 5ú Bealtaine, chuir Údarás Craolacháin na hÉireann ("BAI") fáilte, trí fhógra poiblí ar shuíomh gréasáin Údarás Craolacháin na hÉireann agus i nuachtán *Athlone Advertiser*, roimh iarratais do chonradh craolacháin fuaime pobail chun seirbhís craolacháin fuaime pobail a sholáthar do Bhaile Átha Luain Agus Dá Phurláin.

Tugann an Treoir seo sonraí ar na nósanna imeachta a ghlacfar don phróiseas iarratais maidir le bronnadh an chonartha craolacháin fuaime pobail fógartha, treoir d'iarratasóirí ar cheanglais an Achta Craolacháin 2009 ("Acht 2009") agus sainaithnítear na beartais ábhartha an BAI agus sainaithníonn sé an fhaisnéis gur cheart a chur san áireamh san iarratas. Ní airbheartaíonn an Treoir a bheith uileghabhálach agus ba cheart d'iarratasóirí ionchasacha aird a thabhairt ar fhorálacha Acht 2009, go háirithe, d'alt 64 agus 66, lena n-áirítear ábhair nach mór do Choiste um Dheonú Conarthaí an BAI aird a thabhairt orthu agus iarratais á gcinneadh chun conradh craolacháin fuaime pobail a dhámhachtain, chomh maith le halt 69, a leagann amach coinníollacha conarthacha áirithe a fhéadfar a fhorchur ar iarratasóir rathúil[1].

Ba cheart d'iarratasóirí aird a thabhairt freisin, inter alia, ar *Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin an BAI 2018*, *Beartas an BAI maidir le Rialú agus Úinéireacht* (2019), *Beartas Meáin Pobail an BAI 2021*, *Creat Sochair Shóisialta an BAI 2020* agus na cuspóirí agus ceanglais atá leagtha amach ann agus iarratas á ullmhú. Tá na doiciméid seo ar fáil ach iad a iarraidh ón BAI agus tá siad ar fáil ar líne ag www.bai.ie. Tá foireann Fheidhmiúcháin an BAI ar fáil freisin le haghaidh comhairliúcháin i gcás go mbeadh aon cheisteanna ag iarratasóirí ionchasacha maidir le hábhar na Treorach seo nó leis an bhformáid iarratais atá anseo.

Ba cheart d'iarratasóirí aird ar leith a thabhairt ar chroíphrionsabail na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe, agus ar na sochair shóisialta níos leithne a chuirtear ar fáil ag Meáin Phobail in Éirinn, mar atá leagtha amach i mBeartas Meáin Pobail an BAI, m.sh.

"Ba cheart go léireodh ábhar meán pobail éagsúlacht an phobail a ndéantar freastal air agus go ndéanfaí é a cheiliúradh agus cumas an phobail a fhorbairt chun páirt a ghlacadh sa phróiseas seo trí thógáil ar na scileanna agus na hacmhainní atá ar fáil. Ina theannta sin, léiríonn eispéireas na hÉireann an luach a bhaineann le heagraíochtaí meán pobail ábhar a roinnt chun sceideal atá éagsúil ó thaobh cultúir agus teanga a sholáthar agus cumas an phobail á fhorbairt. Níl aon teorainn ar nádúr ná ar éagsúlacht an ábhair ar féidir le heagraíochtaí pobal a tháirgeadh ach amháin a n-acmhainneacht chun an sochar sóisialta seo a ghiniúint dá bpobal.

Tá gá le hacmhainní do gach gné den phróiseas léiriúcháin agus scaipthe chun sochar sóisialta a ghiniúint trí ábhar a sholáthar. Cuimsíonn sé sin próisis rialachais agus mheasúnaithe láidre chun a chinntiú go mbíonn na hacmhainní atá ar fáil lonnaithe go héifeachtach chun ábhar a léiriú a chuirfidh le soláthar shochar sóisialta do na pobail ar a ndéantar freastal. Tá sé léirithe ag taithí na hÉireann nach mór do mheáin phobail an luach a chruthaíonn siad trína gcuid gníomhaíochtaí don phobal ar a bhfreastalaíonn siad agus i measc páirtithe leasmhara eile a léiriú go forghníomhach".

[1] Tá an conradh craolacháin fuaime atá beartaithe don [Limistéar] ar fáil ón BAI nó ar líne ag www.bai.ie.

Tabhair faoi deara go gcuirfear gach iarratas a chuirtear isteach ar fáil go poiblí tar éis an spriocdháta chun na hiarratais a chur isteach.

Ba cheart aon cheist faoin bpróiseas ceadúnúcháin a sheoladh chuig an fhoireann cheadúnaithe ag an t-Údarás ag an seoladh ríomhphoist licensing@bai.ie

2. NÓSANNA IMEACHTA CHUN IARRATAS A CHUR ISTEACH

Ní mór do gach iarratas a chuirtear isteach ar dhámhachtain chonartha craolacháin fuaime pobail le haghaidh Bhaile Átha Luain Agus Dá Phurláin de bhun alt 65(8) d'Acht 2009 na ceanglais go léir atá leagtha amach sa Treoir seo, agus sa Chuireadh chun Iarratas a foilsíodh don chonradh craolacháin fuaime pobail. Mura gcomhlíontar na ceanglais foilsithe go hiomlán, déanfar an t-iarratas a dhícháiliú agus, ar an gcaoi sin, ní dhéanfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí ("an Coiste") é a mheas tuilleadh de bhun alt 66 den Acht Craolacháin, 2009.

2.1 *Formáid:* Caithfidh an t-iarratas cloí **go docht daingean** leis an bhformáid iarratais i gcuid 4 den Treoir seo agus an fhaisnéis **go léir** a theastaíonn inti a bheith ann.

2.2 *Stíl Léiriúcháin:* Caithfidh an t-iarratas a bheith i bhfoirm chlóscríofa – cló Arial 10 más féidir

2.3 *Aighneacht:* Is féidir an t-iarratas a chur isteach i nGaeilge nó i mBéarla ach ba chóir cóip amháin ar a laghad den ábhar ar fad a chur isteach i mBéarla.

2.4 *Dearbhú faisnéise:* Caithfidh an t-eolas go léir a chuirfear isteach mar chuid d'iarratas ar chonradh craolacháin fuaime pobail a bheith fíor agus ceart. Ní mór duit dearbhú ó dhuine údaraithe oiriúnach a chur isteach le d'iarratas go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas agus sna doiciméid bhreise a théann leis an iarratas fíor agus cruinn chomh fada agus is eol don duine sin. Más gá d'aon iarratasóir leasú a dhéanamh ar an Iarratas nó ar na doiciméid a théann leis, ba cheart é sin a chur in iúl láithreach don Choiste. Ní cheadófar aon athruithe ábhartha ar na tograí san Iarratas gan toiliú an Choiste agus ní aontóidh an Coiste le haon leasuithe den sórt sin i gcás ina measann sé go mbeadh sé éagórach d'aon iarratasóir eile ar an gconradh craolacháin fuaime pobail ábhartha leasaithe den sórt sin a cheadú.

2.5 *Foilsiú:* Cuirfear iarratais ar fáil lena n-iniúchadh ón bpobal ag oifigí an BAI agus ar shuíomh gréasáin an BAI tar éis an dáta deiridh chun iarratais a chur isteach.

2.6 *Spriocdháta:* Ní mór an t-iarratas agus gach cóip de a chur faoi bhráid an BAI faoi **12 meán lae ar 4ú Lunasa 2022**.

2.7 *Ábhar Rúnda:* Ní mór faisnéis a mheasann iarratasóir a bheith faoi rún a chur i láthair in iarscríbhinn a ghabhann leis an iarratas go bhfuil "faoi rún" marcáilte go soiléir uirthi. Ní mór cúiseanna an iarratasóra chun a chreidiúint nár cheart go mbeadh rochtain ag an bpobal ar an ábhar atá i gceist a leagan amach i litir chlúdaigh ar leith.

Sa chás go gcreideann an BAI gur cheart ábhar a chuir iarratasóir in iarscríbhinn faoi rún a chur ar fáil lena n-iniúchadh, rachaidh sé i mbun plé leis an iarratasóir d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le méid an nochta. Mura féidir teacht ar chomhaontú, laistigh de thréimhse ama réasúnta maidir le hachar ama an BAI, caithfidh an BAI leis an bhfaisnéis ábhartha mar fhaisnéis a tarraingíodh siar agus breithneoidh sé gurb é an chuid eile den iarratas an aighneacht ón iarratasóir sin.

Beidh gach iarratasóir freagrach as cibé údaruithe, tarscaoiltí agus/nó slánuithe a sholáthar don BAI a d'fhéadfadh go n-éileodh sé go réasúnach maidir le hábhar a bheidh ina (h)iarratas a nochtadh do dhaoine den phobal.

2.8 *Comhaontú Comhoibrithe: Ba cheart go mbeadh iarratasóirí ar an eolas freisin faoi théarmaí an Chomhaontaithe Comhair idir an BAI agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, a*

tugadh i gcrích de réir fhorálacha Alt 34 de na hAchtanna Iomaíochta 2002-2014.[2] Déanann an comhaontú sin foráil maidir le nochtadh faisnéise, ag an BAI chuig an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, i gcásanna áirithe.

2.9 *Saoráil Faisnéise:* Féadfar faisnéis a chur ar fáil don phobal de bharr iarratais faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Rachaidh an BAI i gcomhairle leis an bpáirtí leasmhar faoi aon fhaisnéis a fhoilsiú a gcaitear léi mar fhaisnéis rúnda ag tráth na haighneachta, sula ndéanfar cinneadh maidir le haon iarraidh um Shaoráil Faisnéise a gheofar.

2.10 *Cosaint Sonraí:* Chun an próiseas iarratais seo a oibriú go héifeachtach, beidh roinnt sonraí pearsanta ag teastáil uainn maidir le comhdhéanamh Bhord an iarratasóra agus an struchtúr bainistíochta. Ní theastaíonn sonraí pearsanta na n-oibrithe deonacha uainn agus chuirfimis go láidir in aghaidh iarratasóirí ó shonraí pearsanta neamhriachtanacha a áireamh ina n-aighneacht.

Cloífidh Údarás Craolacháin na hÉireann lena oibleagáidí faoi Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, faoin mBille um Chosaint Sonraí 2018 agus aon dlíthe agus rialacháin príobháideachais agus cosaint sonraí eile is infheidhme agus aon fhaisnéis phearsanta den sórt sin a chuirtear isteach chuig an bpróiseas ceadúnaithe seo á láimhseáil agus á phróiseáil.

Úsáidfear an fhaisnéis a chuirtear isteach san iarratas, lena n-áirítear aon fhaisnéis phearsanta, chun an t-iarratas a phróiseáil agus chun dul i mbun plé leis an iarratasóir. Ní choinneofar aon fhaisnéis phearsanta a chuirtear isteach ach amháin sa chás go n-éiríonn leis an iarratas. D'fhéadfadh faisnéis den sórt sin a bheith ag teastáil le haghaidh conradh sa todhchaí, go dtí go gcríochnófar an próiseas ceadúnaithe.

Tá an BAI faoi oibleagáid agus tiomanta do na sonraí pearsanta go léir a chosaint a chuirtear isteach mar fhreagra ar ghlao ar iarratais ar an bplean ceadúnaithe seo. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an BAI atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar conas a phróiseálann an BAI faisnéis phearsanta i mbeartas foilsithe an BAI ag: https://www.bai.ie/en/about-us/data-protection-policy/ agus téarmaí agus coinníollacha an BAI ag: https://www.bai.ie/en/about-us/terms-conditions.

2.11 *Comhaontuithe Tríú Páirtí:* Tá aon chomhaontuithe idir an BAI agus páirtithe leasmhara maidir le faisnéis rúnda agus/nó íogair ó thaobh tráchtála de gan dochar d'oibleagáidí an BAI faoin dlí, faoin Acht Craolacháin 2009 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Mar sin, ní féidir leis an BAI dearbhú a thabhairt nach nochtfaí faisnéis a n-éilíonn páirtí leasmhar mar fhaisnéis rúnda nó a bpléitear léi mar sin de bhun an dlí.

Tabhair faoi deara: -

- ***Caithfidh an t-iarratas cloí go docht daingean leis an bhformáid i gcuid 4 den Treoir seo agus an fhaisnéis go léir a theastaíonn inti a bheith ann.***

[2] Tá cóip den Chomhaontú ar fáil ar shuíomh gréasáin an BAI ag: www.bai.ie.

- ***Moltar go láidir d'iarratasóirí gan ach faisnéis thábhachtach a bhaineann leis an iarratas a chur san áireamh. Moltar d'iarratasóirí gan sonraí pearsanta nár iarradh a chur san iarratas.***
- ***Agus cuspóirí á leagan amach aige, ba cheart don iarratasóir samhail sprice S.M.A.R.T.[3] a chur i bhfeidhm.***
- ***Moltar go láidir d'iarratasóirí an phríomhfhaisnéis ar fad a chur san iarratas agus aon fhaisnéis mhionsonraithe chúltaca sna aguisíní. Ba chóir go mbeadh uimhreacha soiléire ar aguisíní, iad a chrostagairt agus a shábháil in aon doiciméad PDF amháin.***
- ***Molann an BAI iarratais a chur isteach atá soiléir, gonta agus simplí maidir le leagan amach agus stíl.***
- ***Cuireann an BAI in aghaidh grafaicí agus suaitheantais gan iarraidh a chur isteach. Ná cuir aon ghrianghraif, pictiúir agus/nó ábhar aitheantais stáisiúin mar chuid den togra.***

3. EOLAS D'IARRATASÓIRÍ

3.1 Creat Reachtúil agus Beartais

Leagtar amach in Acht 2009 an creat reachtúil chun seirbhísí craolacháin teilifíse agus raidió breise a cheadúnú agus a rialú ar ardáin éagsúla, lena n-áirítear bannaí raidió FM agus AM, Teilifís Dhigiteach Trastíre agus Ilphléacsanna Fuaime agus chun cóid agus rialacha a fhorbairt. Ba cheart don Iarratasóir aird a thabhairt ar fhorálacha alt 64, alt 65, alt 66, go háirithe, fho-ailt 66(2), 66(3) agus 66(4) de agus alt 69 d'Acht 2009, an conradh craoladh fuaime pobail atá beartaithe don Bhaile Átha Luain Agus Dá Phurláin doiciméid bheartais an BAI lena n-áirítear *Straitéis Seirbhísí Craolacháin an BAI 2018, Beartas an BAI maidir le Rialú & Úinéireacht (2019), Beartas Meáin Pobail an BAI 2021, Creat Sochair Shóisialta an BAI 2020* agus cóid/rialacha an BAI a bhaineann le clársceidealú agus le hábhair chumarsáide tráchtála.

Táthar ag súil go gcuirfidh an tIarratasóir dóthain faisnéise ar fáil ina iarratas le léiriú conas is féidir leis ceanglais agus cuspóirí Acht 2009 agus beartais agus cóid/rialacha ábhartha an BAI a shásamh. Ní hamháin go dtugann an BAI cuireadh d'iarratasóirí gealltanas a thabhairt go gcomhlíonfaidh siad na riachtanais íosta ach gealltanas a thabhairt go sárófar iad freisin.

3.2 An Réimse Sonraithe

Clúdaíonn an limistéar saincheadúnais sonraithe ar Bhaile Átha Luain Agus Dá Phurláin.

[3] S.T.I.R.A. = Sonrach, Tomhaiste, Indéanta, Réadúil, Amaithe

3.3 Measúnú na nIarratas

Tá na critéir reachtúla a mbeidh aird ag an gCoiste um Dheonú Conarthaí orthu le linn dó a chinneadh cé acu an t-iarratasóir is oiriúnaí, más ann, chun an conradh craolacháin fuaime pobail a dhámhachtain, leagtha amach in alt 64 agus in alt 66, fo-ailt (2), (3) agus (4) d'Acht 2009 ("Critéir Reachtúla"). Mar threoir d'iarratasóirí, tá na Critéir Reachtúla grúpáilte ag an gCoiste faoi chúig cheannteideal: (1) úinéireacht agus rialú; (2) an pobal ar a ndéantar freastal; (3) clársceidealú; (4) stiúideonna agus tarchur; agus (5) plean airgeadais agus gnó. Beidh meastóireacht an Choiste ar gach iarratas faoi na ceannteidil seo.

Cuirtear forálacha ábhartha faoi alt 64 i bhfeidhm go bhféadfaidh an tÚdarás, ar mholadh ón gCoiste um Dheonú Conarthaí, conradh craolacháin fuaime aicme ("conradh craolacháin fuaime pobail") a dhéanamh le 2 chomhalta nó níos mó de phobal áitiúil nó de phobal spéisiúil má tá sé sásta: -

- Alt 64(a): go bhfuil na comhalta sin ionadaíoch, agus cuntasach, don phobal lena mbaineann, agus
- Alt 64(b): gurb é an t-aon chuspóir a bheidh le soláthar ábhar clár de bhun an chonartha ná (i) díriú go sonrach ar leasanna an phobail lena mbaineann agus iarrachtaí a dhéanamh ar shochar sóisialta a sholáthar dó, agus (ii) dámhachtain airgid nach mó ná méid agus is féidir a bhaint amach le réasún chun íoctha na gcostas a thabhófar ag déanamh an tsoláthair sin.

Déanfar na hiarratais a mheas faoi na sé cheannteideal ina dhiaidh seo.

3.3.1 Úinéireacht agus Rialú

Is iad seo a leanas na forálacha ábhartha alt 66 d'Acht 2009 maidir le struchtúr úinéireachta agus rialaithe an iarratasóra:

- Alt 66(2)(a): carachtar, saineolas agus taithí an iarratasóra nó, más comhlacht corpraithe an t-iarratasóir, carachtar, saineolas agus taithí an chomhlachta agus na stiúrthóirí, an bhainisteora, an rúnaí, nó oifigigh eile den tsamhail sin de chuid an chomhlachta sin agus carachtar, saineolas agus taithí na gcomhaltaí den chomhlacht sin agus na ndaoine a bhfuil teideal acu chuig úinéireacht thairbhiúil a scaireanna.
- Alt 66(2)(g): a inmhianaithe atá sé ligean d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú a bheith aige nó aici nó acu ar líon as cuimse de sheirbhísí craolacháin fuaime, nó leasanna substaintiúla a bheith aige nó aici nó acu iontu, ar seirbhísí iad a mbeidh conradh craolacháin fuaime arna dheonú faoin gCuid seo ina leith (Cuid 6 den Acht 2009)
- Alt 66(2)(h): a inmhianaithe atá sé ligean d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú a bheith aige nó aici nó acu ar líon as cuimse de sheirbhísí craolacháin fuaime, nó leasanna substaintiúla a bheith aige nó aici nó acu iontu, sa limistéar a bheidh sonraithe san fhógra.
- Alt 66(2)(i): a inmhianaithe atá sé ligean d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú a bheith aige nó aici nó acu ar mhéid as cuimse de na meáin chumarsáide, nó leasanna substaintiúla a bheith aige nó aici nó acu iontu, sa limistéar a bheidh sonraithe de réir an fhógra.
- Alt 64(a): comhaltaí sin [an Iarratasóra] ionadaíoch agus cuntasach don phobal lena mbaineann; agus

- Alt 66(4): cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra maidir le soláthar seirbhíse craolacháin aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin arna shealbhú aige nó aici an dáta a rinneadh an t-iarratas nó roimhe agus tuarascálacha ón gCoiste um Chomhlíonadh

Cuirfear na critéir seo i gcomhar leis na hailt ábhartha de *Bheartas Meáin Pobail an BAI* i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar thograí an iarratasóra, *inter alia*, faoi na nithe seo a leanas:

(ii) comhdhéanamh Fhoras Feidhmiúcháin an iarratasóra;[4]

(iii) struchtúr ballraíochta an iarratasóra atá beartaithe;

(iv) struchtúr bainistíochta an iarratasóra atá beartaithe; agus

(v) an cuntas teiste más duine é nó í roimhe sin agus/nó ina shealbhóir reatha ar chonradh craolacháin fuaime.

3.3.2 Pobal a ndéanfar freastal air

Is iad seo a leanas na forálacha ábhartha faoi alt 64 agus alt 66 d'Acht 2009 maidir leis an bpobal a ndéanfar freastal air:

- Alt 64(b): is leis an gcuspóir seo a leanas agus leis sin amháin a dhéanfar bunábhar clár a sholáthar de bhun an chonartha díriú go sonrach ar leasanna an phobail lena mbaineann, agus féachaint le sochar sóisialta a sholáthar don phobal lena mbaineann.
- Alt 66(2)(j): a mhéid a dhéanann an tseirbhís atá beartaithe –
  - (i) freastal ar phobail áitiúla inaitheanta agus a bhfuil tacaíocht aici ó na leasanna éagsúla sa phobal, nó
  - (ii) freastal ar phobail chomhleasa.
- Alt 66(4): ar cháilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra maidir le soláthar seirbhíse craolacháin aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin arna shealbhú aige nó aici an dáta a rinneadh an t-iarratas nó roimhe, agus tuairiscí an Choiste um Chomhlíonadh.

Cuirfear na critéir seo i gcomhar leis na hailt ábhartha de *Bheartas Meáin Pobail an BAI agus an Creat Sochair Shóisialta* i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar thograí an iarratasóra, *inter alia*, faoi na nithe seo a leanas:

(i) sainmhíniú an iarratasóra ar an bpobal.

(ii) eolas agus tuiscint an iarratasóra ar an bpobal.

(iii) tograí an iarratasóra le cinntiú: (i) go bhfreastalaíonn an tseirbhís ar leasanna an phobail; agus (ii) a sholáthraíonn sochar sóisialta don phobal.

[4] Bord Stiúrthóirí, Coiste Bainistíochta nó comhlacht bainistíochta eile.

(iv) tograí an iarratasóra maidir le rannpháirtíocht sa phobal agus cuntasacht a chinntiú don phobal.

(v) tograí an iarratasóra chun rannpháirtíocht an phobail ag gach leibhéal d'fheidhmiú na seirbhíse a bhaint amach.

(vi) tograí an iarratasóra maidir le meastóireacht a dhéanamh ar an seirbhís; agus

(vii) an cuntas teiste más duine é nó í roimhe sin agus/nó ina shealbhóir reatha ar chonradh craolacháin fuaime.

Ba cheart don iarratasóir aird ar leith a thabhairt ar na sé phríomhtháscaire Sochar Sóisialta atá sonraithe sa Chreat d'fhonn Sochar Sóisialta, is iad sin:

1. Tá muinín agus cruthaitheacht daoine aonair, go háirithe mionlaigh agus iad siúd atá imeallaithe ag dul i dtreis agus/nó tá tuiscint chómhuintearais á neartú díreach trína bheith rannpháirteach leis an Stáisiún

2. Tá daoine aonair ag cur feabhais ar a n-ionchais fostaíochta, trí scileanna agus muinín a fháil agus aitheantas pobail a athneartú

3. Tá baill den phobal ar an eolas agus feasach maidir lena bhfuil ag tarlú ina bpobal

4. Tá baill den phobal ag tabhairt freagra níos éifeachtaí ar cheisteanna -áitiúla agus domhanda- mar go bhfuil rochtain acu ar dhearcthaí éagsúla agus ar níos mó eolais, eolas atá níos fearr

5. Déantar éascaíocht agus athneartú ar chomhghníomhaithe (CBOnna, ENRnna) maidir lena gcumas a gcuid spriocanna a bhaint amach

6. Cuirtear feabhas ar thuiscint aitheantais agus comhtháiteachta pobail trí idirghníomhaíocht agus comhghníomhaíocht.

Chun Sochar Sóisialta a léiriú, tabhair samplaí ar **ar a laghad trí cinn (3)** as na sé (6) Shochar Shóisialta mar atá liostaithe sa Chreat Sochair Shóisialta agus cuir isteach an fhaisnéis sa tábla atá curtha ar fáil ag 4.3(ii) den Fhoirm Iarratais. Ba cheart go leanfadh na Sochair Shóisialta a liostaítear san iarratas samhail S.M.A.R.T agus ba cheart go mbeidís intomhaiste mar mhéadracht feidhmíochta thar thréimhse shocraithe ama. Tiocfaidh gnéithe an tSochair Shóisialta ó chuid den mhaitrís scórála.

3.3.3 Clársceidealú

Is iad seo a leanas na forálacha ábhartha faoi alt 64 agus alt 66 d'Acht 2009 maidir le clársceidealú:

- Alt 66(2)(c): cáilíocht, cineál agus réimse an chlársceidealaithe atá beartaithe a sholáthar ag gach iarratasóir nó, mura bhfuil ann ach iarratasóir amháin, ag an iarratasóir sin;
- Alt 66(2)(d): cainníocht, cáilíocht, cineál agus réimse na gclár Gaeilge agus an méid clár a bhaineann le cultúr na hÉireann atá beartaithe a chur ar fáil;

- Alt 66(2)(e): a mhéid a dhéanfaidh an t-iarratasóir, laistigh den tseirbhís craolacháin bheartaithe, deiseanna nua a chruthú le haghaidh daoine a bhfuil buanna acu sa cheol, sa drámaíocht agus sa tsiamsaíocht agus go háirithe i leith chultúr na hÉireann;
- Alt 66(2)(f): a inmhianaithe atá sé réimse seirbhísí a bheith ann sa limistéar saincheadúnais
- Alt 66(2)(j): a mhéid a dhéanann an tseirbhís atá beartaithe –

(i) freastal ar phobail áitiúla inaitheanta agus a bhfuil tacaíocht aici ó na leasanna éagsúla sa phobal, nó

(ii) déantar freastal ar phobail leasa;

- Alt 66(3): le linn breithniú a dhéanamh ar oiriúnacht iarratasóra ar dhámhachtain conartha craolacháin fuaime chun seirbhís craolacháin fuaime a sholáthar i leith limistéar a chuimsíonn limistéar Gaeltachta, tabharfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí aird ar leanúint agus ar chur chun cinn na Gaeilge mar theanga labhartha;
- Alt 66(4): ar cháilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra maidir le soláthar seirbhíse craolacháin aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin arna shealbhú aige nó aici an dáta a rinneadh an t-iarratas nó roimhe, agus tuairiscí an Choiste um Chomhlíonadh.

Cuirfear na critéir seo i gcomhar leis na hailt ábhartha de *Bheartas Meáin Pobail an BAI* i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar thograí an iarratasóra, *inter alia*, faoi na nithe seo a leanas:

(i) straitéis chlársceidealaithe an iarratasóra atá beartaithe;

(ii) gealltanais chlársceidealaithe an iarratasóra atá beartaithe;

(iii) sceideal na gclár an iarratasóra atá beartaithe; agus

(iv) an cuntas teiste más duine é nó í roimhe sin agus/nó ina shealbhóir reatha ar chonradh craolacháin fuaime.

3.3.4 Stiúideonna agus Tarchur

Ní shonraíonn alt 64 agus alt 66 d'Acht 2009 riachtanais maidir le stiúideo agus saoráidí tarchurtha iarratasóra. Is dóigh leis an gCoiste gur ábhar riachtanach stiúideonna agus saoráidí tarchurtha a fhorbairt agus a chothabháil chun forbairt in ord is in eagar na seirbhísí craolacháin a chinntiú.

Is iad seo a leanas, dá réir sin, na forálacha ábhartha faoi alt 66 d'Acht 2009 maidir le stiúideonna agus tarchur:

- Alt 66(2)(k): aon nithe eile is dóigh leis an gCoiste um Dheonú Conarthaí is gá chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a áirithiú;

- Alt 66(4): ar cháilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra maidir le soláthar seirbhíse craolacháin aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin arna shealbhú aige nó aici an dáta a rinneadh an t-iarratas nó roimhe, agus tuairiscí an Choiste um Chomhlíonadh.

Cuirfear na critéir seo i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar thograí an iarratasóra, *inter alia*, faoi na nithe seo a leanas:

(i) achar ama chun tús a chur le tarchur;
(ii) leordhóthanacht na n-áiseanna stiúideo agus tarchurtha;
(iii) oiriúnacht na dtograí tarchuir; agus
(iv) cuntas teiste más duine é nó í roimhe sin agus/nó ina shealbhóir reatha ar chonradh craolacháin fuaime.

3.3.5 Plean Airgeadais agus Gnó

Is iad seo a leanas na forálacha ábhartha faoi alt 64 agus alt 66 d'Acht 2009 maidir le plean airgeadais agus gnó:

- Alt 66(2)(b): leordhóthanacht na n-acmhainní airgeadais a bheidh ar fáil do gach iarratasóir agus a mhéid a bheidh an t-iarratas ag teacht le dea-phrionsabail ghnó agus eacnamaíochta;
- Alt 66(2)(k): aon nithe eile is dóigh leis an gCoiste um Dheonú Conarthaí is gá chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin fuaime a áirithiú - Bainistíocht & Foireann.
- Alt 64(b)(ii): is é an t-aon chuspóir a bheidh le soláthar ábhar clár ná go bhfaighfear luach saothair airgid nach mó ná an méid is gá le réasún chun na caiteachais a thabhófar le linn an tsoláthair sin, agus
- Alt 66(4): ar cháilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra maidir le soláthar seirbhíse craolacháin aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin arna shealbhú aige nó aici an dáta a rinneadh an t-iarratas nó roimhe, agus tuairiscí an Choiste um Chomhlíonadh.

Cuirfear na critéir seo i gcomhar leis na hailt ábhartha de *Bheartas Meáin Pobail an BAI* i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar thograí an iarratasóra, *inter alia*, faoi na nithe seo a leanas:

(i) **Plean airgeadais agus gnó** an iarratasóra, lena n-áirítear:

(a) straitéis fhoriomlán airgeadais;
(b) tograí infheistíochta an iarratasóra;
(c) foinsí maoinithe agus caiteachais;
(d) réamh-mheastachán airgeadais an iarratasóra; agus
(e) na straitéisí atá le cur i bhfeidhm chun na réamh-mheastacháin a bhaint amach.

(ii) **Struchtúr foirne** an iarratasóra, lena n-áirítear:[5]

(a) struchtúr foirne atá beartaithe;

(b) beartais foirne an iarratasóra;

(c) beartas oiliúna, tacaíochta agus forbartha foirne an iarratasóra; agus,

(d) aon luach saothair agus sochair foirne.

(iii) Cuntas teiste an iarratasóra más duine é nó í roimhe sin agus/nó ina shealbhóir reatha ar chonradh craolacháin fuaime.

3.3.6 Sochar Sóisialta

Leagann Alt 64 den Acht Craolacháin 2009 ceanglais amach maidir le, i measc nithe eile, cur chuige an iarratasóra maidir le sochar sóisialta a sholáthar don phobal lena mbaineann. Aithníonn an Coiste freisin a thábhachtaí atá Beartas Meáin Pobail an BAI agus an Creat Sochair Shóisialta a bhaineann leis. Measann an Coiste gur ábhar riachtanach é an fhorbairt agus an dul chun cinn maidir le sochar sóisialta a sholáthar chun forbairt ordúil ar sheirbhísí craolacháin pobail a chinntiú. Mar sin, de réir Alt 66(2)(k), tá forálacha Alt 64 curtha san áireamh aige agus an t-iarratas á bhreithniú agus á scóráil. Léirítear é seo sa mhaitrís scórála a cuireadh ar fáil mar chuid de na doiciméid iarratais.

Is iad seo a leanas, dá réir sin, na forálacha ábhartha faoi alt 66 agus 64 d'Acht 2009 maidir le Sochar Sóisialta:

- Alt 66(2)(k): aon nithe eile is dóigh leis an gCoiste um Dheonú Conarthaí is gá chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a áirithiú;
- Alt 64(b)(i): féachaint le sochar sóisialta a sholáthar don phobal lena mbaineann.

Cuirfear na critéir seo i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar thograí an iarratasóra, *inter alia*, faoi na nithe seo a leanas:

(i) Beartas Meáin Pobail an BAI;
(ii) Creat Sochair Shóisialta an BAI
(iii) Measúnú agus scóráil fhreagra an iarratasóra faoi Alt 4.3.2 maidir le trí cinn ar a laghad de na sé Shochar Shóisialta mar atá liostaithe sa Chreat Sochair Shóisialta.

[5] Cuirtear poist íoctha agus oibrithe deonacha araon san áireamh maidir le struchtúr foirne an iarratasóra.

3.4 Maitrís Scórála

Soláthraíonn alt 65, fo-ailt (10), (11) agus (12) d'Acht 2009 an creat reachtúil chun iarratais ag an gCoiste a bhreithniú agus a scóráil:-

(10) *Le linn dó breithniú a dhéanamh ar iarratais go ndeonófaí conradh craolacháin fuaime déanfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí iarratais a chinneadh de réir alt 66 agus sannfaidh sé scór i leith gach ceann de na critéir, nó i leith teaglaim de na critéir, a shonraítear in alt 66 (2) agus cuirfidh an Coiste um Dheonú Conarthaí an sannadh sin in iúl do gach duine a thug le fios go bhfuil ar intinn aige nó aici iarratas a dhéanamh ar chonradh.*

(11) *Déanfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí, le linn dó teacht ar bhreith i dtaobh conradh craolacháin fuaime a dheonú, scór comhaontaithe a shannadh do gach ceann de na hiarratais a gheofar de réir fho-alt (10).*

(12) *Is le tromlach vótaí na gcomhaltaí den Choiste um Dheonú Conarthaí a chinnfear tuairim an Choiste um Dheonú Conarthaí ar scór a shannadh faoi fho-alt (11).*

Creideann an Coiste go bhfuil tábhacht níos mó ag baint le critéir áirithe chun na cuspóirí reachtaíochta agus beartais ábhartha a bhaint amach ná cinn eile, agus mar sin beidh níos mó meáchain ag baint le critéir áirithe ná cuid eile sa phróiseas meastóireachta. Mar sin, mar is léir ón tábla ar an taobh eile, meastar go bhfuil critéar a bhfuil ualú ocht (8) aige níos tábhachtaí ná critéar a bhfuil ualú sé (6) aige a mheastar, ina dhiaidh sin, níos tábhachtaí ná critéar a bhfuil ualú ceithre (4) aige agus mar sin de.

Ba chóir don Iarratasóir a thabhairt faoi deara, mura mbainfidh sé/sí íosmhéid caoga faoin gcéad (50%) den scór atá ar fáil faoi gach critéar infheidhme amach[6], ní bheidh sé/sí incháilithe do dhámhachtain an chonartha craolacháin fuaime pobail.

[6] Sa chás nach ndéanann iarratasóir seirbhís craolacháin fuaime faoi aon chonradh craolacháin agus nach bhfuil seirbhís craolacháin fuaime curtha ar fáil aige nó aici roimhe seo, déanfar neamhaird ar an gcritéar "caighdeán foriomlán feidhmíochta" nó "teist" faoi alt 66(4) d'Acht 2009 agus é á ríomh cibé an bhfuil íosmhéid caoga faoin gcéad (50%) den scór a bhí ar fáil bainte amach ag an iarratasóir faoi gach critéar.

MAITRÍS SCÓRÁLA:

Iarratas ar Cheadúnas Pobail
Limistéar saincheadúnais:
Iarratasóir:

Úinéireacht agus Rialú (130 pointe)		Ualú	Scór ar Fáil	Scór Bronnta
66(2)(a)	Carachtar, saineolas agus taithí an iarratasóra nó, más comhlacht corpraithe an t-iarratasóir, carachtar, saineolas agus taithí an chomhlachta agus a stiúrthóirí, a bhainisteora, a rúnaí nó oifigigh eile dá shamhail agus a chomhaltaí agus na ndaoine atá i dteideal úinéireacht thairbhiúil ar a scaireanna	8	40	
66(2)(g)	A inmhianaithe atá sé ligean d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú a bheith aige nó aici nó acu ar líon as cuimse de sheirbhísí craolacháin fuaime, nó leasanna substaintiúla a bheith aige nó aici nó acu iontu, ar seirbhísí iad a mbeidh conradh craolacháin fuaime arna dheonú faoin gCuid seo ina leith	4	20	
66(2)(h)	A inmhianaithe atá sé ligean d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú a bheith aige nó aici nó acu ar líon as cuimse de sheirbhísí craolacháin fuaime, nó leasanna substaintiúla a bheith aige nó aici nó acu iontu, sa limistéar a bheidh sonraithe san fhógra	3	15	
66(2)(i)	A inmhianaithe atá sé ligean d'aon duine, nó d'aon ghrúpa daoine, rialú a bheith aige nó aici nó acu ar mhéid as cuimse de na meáin chumarsáide, nó leasanna substaintiúla a bheith aige nó aici nó acu iontu, sa limistéar a bheidh sonraithe san fhógra	3	15	
66(2)(k)	64(a) Go bhfuil comhaltaí ionadaíoch, agus cuntasach, don phobal lena mbaineann	6	30	
66(4)	Cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra maidir le soláthar seirbhíse craolacháin aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin arna shealbhú aige nó aici an dáta a rinneadh an t-iarratas nó roimhe, agus ar thuarascálacha ón gCoiste um Chomhlíonadh	2	10	
Clársceidealú (190 pointe)				
66(2)(c)	Cáilíocht, réimse agus cineál na gclár a bheartaíonn gach iarratasóir, nó mura mbeidh ann ach iarratasóir amháin, a bheartaíonn an t-iarratasóir sin, a sholáthar	8	40	
66(2)(d)	Líon, cáilíocht, réimse agus cineál na gclár Gaeilge agus méid na gclár a bhaineann le cultúr na hÉireann atá beartaithe a sholáthar	6	30	
66(2)(e)	A mhéid a dhéanfaidh an t-iarratasóir, laistigh den tseirbhís craolacháin bheartaithe, deiseanna nua a chruthú le haghaidh daoine a bhfuil buanna acu sa cheol, sa drámaíocht agus sa tsiamsaíocht agus go háirithe i leith chultúr na hÉireann	6	30	
66(2)(f)	A inmhianaithe atá sé réimse seirbhísí a bheith ar fáil sa limistéar a bheidh sonraithe san fhógra chun freastal ar réimse fairsing ábhar is díol spéise do dhaoine, lena n-áirítear ábhair is díol spéise do leasanna mionlaigh	8	40	
66(2)(j)	A mhéid a dhéanann an tseirbhís bheartaithe— (i) freastal ar phobail áitiúla inaitheanta agus a bhfuil tacaíocht aici ó na leasanna éagsúla sa phobal, nó (ii) freastal ar phobail chomhleasa	8	40	
66(4)	Cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra maidir le soláthar seirbhíse craolacháin aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin arna shealbhú aige nó aici an dáta a rinneadh an t-iarratas nó roimhe, agus ar thuarascálacha ón gCoiste um Chomhlíonadh	2	10	
Tograí Tarchurtha agus Stiúideo (30 pointe)				
66(2)(k)	Aon nithe eile is gá chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a áirithiú (i) Leordhóthanacht na n-áiseanna stiúideo agus tarchurtha (ii) Oiriúnacht na dtograí tarchurtha	4	20	
66(4)	Cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra maidir le soláthar seirbhíse craolacháin aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin arna shealbhú aige nó aici an dáta a rinneadh an t-iarratas nó roimhe, agus ar thuarascálacha ón gCoiste um Chomhlíonadh	2	10	
Anailís Margaidh, Plean Airgeadais agus Gnó (100)				
66(2)(b)	Leordhóthanacht na n-acmhainní airgeadais a bheidh ar fáil do gach iarratasóir agus a mhéid a bheidh an t-iarratas ag teacht le dea-phrionsabail ghnó agus eacnamaíochta	6	30	
66(2)(k)	Aon nithe eile is gá chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a áirithiú; Bainistíocht & Foireann	8	40	

Treoir maidir le hAighneachtaí: - Soláthar seirbhíse craolacháin fuaime pobail – Plean Ceadúnaithe 2022.

62(20(k)	Is leis an gcuspóir seo a leanas agus leis sin amháin a dhéanfar bunábhar clár a sholáthar de bhun an chonartha luaíocht airgid a bhaint amach nach mó ná an méid is gá le réasún chun na caiteachais a íoc a thabhófar le linn an tsoláthair sin a dhéanamh. (64(b)(ii))	4	20	
66(4)	Cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra maidir le soláthar seirbhíse craolacháin aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin arna shealbhú aige nó aici an dáta a rinneadh an t-iarratas nó roimhe, agus ar thuarascálacha ón gCoiste um Chomhlíonadh	2	10	
Sochar Sóisialta (50 pointe)				
66(2)(k)	Is leis an gcuspóir seo a leanas agus leis sin amháin a dhéanfar bunábhar clár a sholáthar de bhun an chonartha díriú go sonrach ar leasanna an phobail lena mbaineann, agus féachaint le sochar sóisialta a sholáthar don phobal lena mbaineann. (64(b)(i)) Socraítear Sochar Sóisialta ag tagairt do Bheartas Meáin Pobail agus Creat Sochair Shóisialta.	10	50	
			500	

Ní mór don iarratasóir 50% ar a laghad a scóráil faoi gach critéar chun cáiliú do dhámhachtain an chonartha

3.5 Próiseas Cinnteoireachta

Ní mór do gach iarratas a chuirtear isteach ar dhámhachtain conartha craolacháin fuaime pobail le haghaidh Bhaile Átha Luain Agus Dá Phurláin de bhun alt 65(8) d'Acht 2009 na ceanglais go léir atá leagtha amach sa Treoir d'Aighneachtaí seo, agus sa Chuireadh chun Iarratas a foilsíodh don chonradh craolacháin fuaime pobail. Mura gcomhlíontar na ceanglais foilsithe go hiomlán, déanfar an t-iarratas a dhícháiliú agus ar an gcaoi sin ní dhéanfaidh an Coiste um Dheonú Conarthaí é a mheas tuilleadh de bhun alt 66 den Acht Craolacháin, 2009.

Leanfaidh an Coiste an nós imeachta seo a leanas chun a chinneadh cé hé nó cé hí an t-iarratasóir is oiriúnaí, más ann dó, chun an conradh craolacháin fuaime pobail a dheonú dó nó di:-

3.5.1 Déanfaidh Comhaltaí an Choiste measúnú tosaigh ar na hiarratais cháilitheacha. Beidh breithniú ar an iarratas a cuireadh isteach san áireamh agus measúnú ar an iarratas a d'ullmhaigh an Fheidhmeannacht. Déanfar an Mheastóireacht a struchtúrú ag baint úsáid as na ceannteidil atá leagtha amach i gcuid 3.3 *Iarratais a Mheasúnú* den Treoir seo agus leagfar béim ar shaincheisteanna ábhartha maidir le tagairt do na critéir reachtúla atá leagtha amach in alt 64 agus alt 66 d'Acht 2009.

3.5.2 Má mheasann comhaltaí an Choiste go bhfuil aon cheisteanna ann ar gá soiléiriú a dhéanamh orthu agus/nó má theastaíonn aon fhaisnéis bhreise uathu ó iarratasóir, ansin féadfaidh ceachtar den dá cheann nó an bheirt acu an fhaisnéis sin a iarraidh:

- **Ceisteanna Forlíontacha:** D'fhéadfadh go n-iarrfadh an Coiste ar an iarratasóir/na hiarratasóirí liosta ceisteanna forlíontacha a chomhlánú chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna nó chun soiléiriú a thabhairt ar aon ghné(ithe) den iarratas. Beidh freagraí scríofa ar aon fhiosrúcháin dá leithéid ar fáil go poiblí, ar an mbonn céanna leis an iarratas scríofa.
- **Cur i Láthair ó Bhéal:** Féadfaidh an Coiste a iarraidh ar iarratasóirí cur i láthair ó bhéal a dhéanamh ar a gcuid tograí le haghaidh na seirbhíse craolacháin fuaime is ábhar do

dhámhachtain an chonartha agus féadfar iad a chur i láthair go poiblí nó go príobháideach. Is é is cuspóir le cur i láthair ó bhéal den sórt sin le ceadú go soláthrófar tuilleadh eolais i leith na dtograí a dhéanfar san iarratas chun cabhrú leis an gCoiste inmharthanacht agus tuillteanais na n-iarratas iomchuí a bhreithniú.

3.5.3 Tar éis aon chur i láthair ó bhéal a iarrtar agus/nó freagraí ar cheisteanna breise scríofa a mheasann an Coiste a bheith cuí, déanfaidh comhaltaí an Choiste, tar éis plé comhghleacúil, an t-iarratas a scóráil faoi gach ceann de na critéir reachtúla atá leagtha amach sa Mhaitrís Scórála. i gcuid 3.4 den Treoir seo.

3.5.4 Is trí thromlach vótaí na gComhaltaí a chinnfear tuairim an Choiste ar scór a shannadh.

3.5.5 Mura n-éiríonn le hiarratas scór cáilitheach faoi gach critéar a bhaint amach, fágfaidh an Coiste an t-iarratas as an bpróiseas iarratais. Mura n-éiríonn le haon cheann de na hiarratais scór cáilitheach faoi gach ceann de na critéir reachtúla a bhaint amach, tabharfaidh an Coiste an próiseas ceadúnaithe chun críche.

3.5.6 An t-iarratas a gheobhaidh scór cáilitheach faoi gach critéar agus an scór iomlán is airde measfar an t-iarratasóir is oiriúnaí chun an conradh craolacháin fuaime pobail a dhámhachtain agus féadfaidh an Coiste a mholadh go ndéanfaidh an tÚdarás conradh craolacháin fuaime pobail leis an Iarrthóir is oiriúnaí. Sonróidh an tÚdarás cibé téarmaí agus coinníollacha cuí leis a áireamh in aon chonradh craolacháin fuaime den sórt sin.

3.5.7 Cuirfidh an Coiste in iúl d'iarratasóir nár éirigh leis nó léi na cúiseanna atá leis an gcinneadh diúltú conradh craolacháin fuaime pobail a dheonú dó nó di, scór an iarratasóra agus scór an iarratasóra rathúil.

3.6 Bronnadh Dámhachtain

Beidh bronnadh conartha craolacháin fuaime pobail faoi réir ag an iarratasóir rathúil an conradh craolacháin fuaime pobail atá beartaithe a chomhaontú agus a shíniú ina mbeidh na téarmaí agus na coinníollacha arna gcinneadh ag an BAI. Agus an iarratasóir is oiriúnaí a roghnú don chonradh craolacháin fuaime pobail iomchuí, féadfaidh an Coiste a cheangal ar an iarratasóir a n-éireoidh leis nó léi comhaontú a dhéanamh ar théarmaí agus ar choinníollacha mionsonraithe lena gcur isteach sa chonradh craolacháin fuaime pobail is cuí leis an Údarás a shonrú de bhun alt 69 d'Acht 2009. Má theipeann ar iarratasóir rathúil aontú nó comhlíonadh aon téarmaí nó coinníollacha a iarrfaidh an Coiste laistigh d'achar ama a shonróidh an Coiste, féadfaidh an Coiste diúltú d'aon mholadh a dhéanamh don Údarás conradh craolacháin fuaime pobail a dhéanamh de bhun d'alt 65(8) d'Acht 2009 maidir leis an mbabhta dámhachtana ceadúnúcháin sin.

Ceanglófar ar an iarratasóir rathúil freisin aontú agus síniú a dhéanamh ar cibé conradh craolacháin fuaime pobail a chinnfidh an tÚdarás de bhun alt 69 d'Acht 2009. Tá cóip den chonradh craolacháin fuaime pobail atá beartaithe ar fáil ar shuíomh gréasáin an BAI nó ar iarratas ó oifigí an BAI. Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go gcinnfidh an fhaisnéis agus na gealltanais atá san iarratas rathúil ábhar na Sceideal a ghabhann leis an gconradh seo den chuid is mó. Mar sin, de ghnáth, déanfar mionsonraí an struchtúir

úinéireachta agus rialaithe, na gealltanais chlársceidealaithe agus an sceideal táscach clár agus na tarchur agus na stiúideonna a thrasuí ón iarratas rathúil.

De bharr conradh craolacháin fuaime pobail a shíniú, beidh conradh den sórt sin ar fáil lena iniúchadh ag daoine den phobal in oifigí an BAI.[7].

3.7 Tréimhse an Chonartha

Féadfar conarthaí craolacháin fuaime pobail a dheonú ar feadh tréimhse suas le deich (10) mbliana. Sonrófar tréimhse an chonartha sna téarmaí agus coinníollacha de réir mar a cheapann an tÚdarás a bheith cuí.

3.8 Athruithe an Chomhdhéanaimh

Coimeádann an BAI an ceart chun conradh craolacháin fuaime pobail a chúlghairm tar éis é a dhámhachtain nó a dheonú má tharlaíonn athruithe ábhartha a théann i bhfeidhm ar nádúr nó ar shaintréithe an iarratasóra rathúil nó ar na daoine a bhfuil smacht acu nó a bhfuil leas acu sa chonradh craolacháin fuaime pobail, i gcás go bhféadfadh go mbeadh tionchar ag athruithe den sórt sin ar an gcinneadh an conradh craolacháin fuaime pobail a dhámhachtain dá dtarlódh na hathruithe sin sula ndearnadh an dámhachtain.

3.9 Aistriú an Chonartha

Ní féidir conradh craolacháin fuaime pobail a aistriú ó chomhlacht amháin go comhlacht eile ach amháin le ceadú roimh ré ón BAI. Breathnaíonn an BAI go neamhfhabhrach go ginearálta ar athruithe ábhartha ar úinéireacht agus ar struchtúr rialaithe conraitheora laistigh de thréimhse dhá bhliain tar éis bhronnadh an chonartha[8].

3.10 Tobhach Bliantúil an BAI

De bhun Alt 33 den Acht Craolacháin 2009, maoinítear Údarás Craolacháin na hÉireann trí thobhach a ghearradh ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chatagóirí áirithe conraitheoirí craolacháin.

Beidh an tOrdú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 33) 2010 agus an tOrdú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 33) (an tOrdú i gcomhair Leasaithe) 2020, ina gceangal ar an iarratasóir rathúil ar feadh téarma an chonartha craolacháin fuaime pobail.

[7] Alt 69(5) d'Acht 2009.

[8] *Beartas an* BAI *Maidir le Rialú agus Úinéireacht (2019)*

4. FORMÁID AN IARRATAIS

Ní mór don iarratas cloí leis an bhformáid atá leagtha amach san Fhoirm Iarratais atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an BAI nó ar iarratas ón BAI.

Cuid 1 – Innéacs

Cuir isteach **Innéacs** a leagann amach an t-ábhar agus an leagan amach agus uimhreacha na leathanach tagartha.

Cuid 2 – Réamhrá an iarratasóra

Tabhair an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an iarratasóir ("an tIarratasóir"):

(a) *Ainm agus sonraí teagmhála an iarratasóra* ***(Duine teagmhála, seoladh, uimhir theileafóin agus ríomhphost).***

Beidh an conradh craolacháin fuaime pobail ag an Iarratasóir leis an BAI agus ní mór dó a bheith ina eintiteas dlíthiúil aonair: comhlacht corpraithe nó duine aonair ainmnithe. Ní mór cóip den Deimhniú Corpraithe agus Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais a chur leis an iarratas i gcás gur comhlacht corpraithe an tIarratasóir.

(b) *Príomhtheaghmháil (Ar mhaithe le leas an phobail)* ***(Duine teagmhála, Seoladh, Uimhir Theileafóin agus Ríomhphost).*** **Ainmnigh duine amháin ar a laghad chun déileáil le haon fhiosrúchán preasa nó poiblí.**

(c) *Ainm an Stáisiúin atá Beartaithe.*

(d) *Cur síos gairid ar Sheirbhís an Chláir.* **Tabhair achoimre in alt gearr amháin ar an gcineál seirbhíse cláir atá beartaithe.**

(e) *Liosta Comhairleoirí.* **Aithin ainmneacha agus seoltaí na n-iarratasóirí (i) comhairleoirí; (ii) iniúchóirí; (iii) dlíodóirí; agus (iv) banc.**

Cuid 3 – Úinéireacht agus Rialú

Ní mór do chomhaltaí an Iarratasóra, ar baill iad de phobal áitiúil, a bheith ionadaíoch agus cuntasach don phobal lena mbaineann.[9] Ní mór do sheirbhís craolacháin fuaime pobail a bheith *"faoi úinéireacht agus faoi rialú eagraíochta neamhbhrabúis a ndéanann a struchtúr foráil do bhainistíocht agus d'oibriú na ballraíochta agus do chlársceidealú go príomha ag baill den phobal".*[10] Ba cheart go léireodh an fhaisnéis a sholáthraítear

[9] Alt 64(a) d'Acht 2009.

[10] Beartas Meáin Pobail an BAI

sa chuid seo go soiléir conas a chomhlíonfaidh struchtúr úinéireachta agus rialaithe an Iarratasóra na riachtanais seo ag gach leibhéal d'oibriú na seirbhíse.

Ba cheart go dtabharfadh cur chuige an iarratasóra maidir le hÚinéireacht agus Rialú aird ar leith ar na táscairí Sochair Shóisialta atá leagtha amach sa Chreat Sochair Shóisialta, agus más féidir tagairt dhíreach a dhéanamh dóibh. Ba cheart go leanfadh táscairí Sochair Shóisialta atá san iarratas samhail S.M.A.R.T, agus go mbeidís infhíoraithe agus intomhaiste mar phríomhtháscairí feidhmíochta thar thréimhse ama ar leith.

3.1 Struchtúr Eagraíochta agus Comhlacht Ceannais

i) Déan cur síos ar an gcineál struchtúir chorparáidigh atá bunaithe nó beartaithe don tseirbhís craolacháin fuaime pobail (m.sh., cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal, comharchumann nó eagraíocht neamhbhrabúis eile).

ii) Luaigh an cineál Foras Feidhmiúcháin atá beartaithe don iarratasóir (m.sh., Bord Stiúrthóirí nó Coiste Bainistíochta).

iii) Tabhair na sonraí seo a leanas maidir le ballraíocht an Fhorais Feidhmiúcháin:

- **(a)** líon na gcomhaltaí atá beartaithe;
- **(b)** líon na gcomhaltaí a cheapfar i gcáil ionadaíoch agus a sholáthróidh sonraí faoin ionadaíocht sin;
- **(c)** na nósanna imeachta ainmniúcháin, toghcháin agus/nó ceapacháin do chomhaltaí; agus
- **(d)** na catagóirí ballraíochta. Sa chás go bhfuil grúpaí nó eagraíochtaí pobail sna catagóirí, tabhair sonraí, le do thoil, faoi na grúpaí nó eagraíochtaí atá i gceist, an tslí ina bhfuil siad ionadaíoch don phobal agus cuntasach don phobal agus an bhaint atá acu leis an bpobal agus leis an seirbhís.

iv) Tabhair na sonraí seo a leanas maidir le gach comhalta an Fhorais Feidhmiúcháin:

- **(a)** ainm, seoladh baile, aois agus slí bheatha;
- **(b)** cúlra agus taithí (lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do thaithí na meán/craolacháin, pobail agus bainistíochta);
- **(c)** leasanna eile gnó, pobail agus/nó meáin atá agat (sonraigh); nó/agus
- **(d)** rannpháirtíocht in aon seirbhís craolacháin fuaime lena n-áirítear ainm na seirbhíse, cineál na rannpháirtíochta (i.e., post/ról); agus tréimhse rannpháirtíochta (dáta tosaigh agus dáta imeachta);

v) Soláthair an fhaisnéis chéanna atá in iv) thuas maidir le haon duine eile a bhfuil an tIarratasóir ag smaoineamh ar chomhalta an Fhorais Feidhmiúcháin a cheapadh.

vi) Cuir in iúl cé a bheidh ina C(h)athaoirleach ceaptha.

3.2 Struchtúr Ballraíochta

i) Luaigh an líon reatha de chomhaltaí an Iarratasóra.

ii) Sainaithin agus déan cur síos ar na catagóirí ballraíochta atá beartaithe agus mínigh conas a bheidh an bhallraíocht iomlán ionadaíoch ar an bpobal a mbeidh freastal á dhéanamh air.

iii) Leag amach, má bhaineann, na catagóirí scaireanna agus praghsanna na scaireanna sin nó aon táillí eile a bhaineann le ballraíocht.

iv) Tabhair mionsonraí ar na straitéisí chun ballraíocht a aimsiú agus a mhéadú thar théarma an chonartha atá beartaithe.

v) Soláthair ainmneacha agus seoltaí baile Stiúrthóirí/Príomhbhainistíocht an Iarratasóra agus aithin na catagóirí ballraíochta lena mbaineann na comhaltaí sin.

vi) I gcás gur comhlacht corpraithe comhalta é an t-iarratasóir, tabhair na sonraí seo a leanas maidir le stiúrthóirí agus comhaltaí "suntasacha" an chomhlachta sin:[11]

(a) Ainm agus seoladh, aois agus slí bheatha

(b) cúlra agus taithí (lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do thaithí na meán/craolacháin, pobail agus bainistíochta);

(c) leasanna eile gnó, pobail agus/nó meáin atá agat (sonraigh); nó/agus

(d) rannpháirtíocht in aon seirbhís craolacháin fuaime lena n-áirítear ainm na seirbhíse, cineál na rannpháirtíochta (i.e., post/ról); agus tréimhse rannpháirtíochta (dáta tosaigh agus dáta imeachta).

vii) Luaigh an réasúnaíocht le rannpháirtíocht an chomhlachta chorpraithe san Iarratasóir.

viii) Tabhair breac-chuntas ar aon nósanna imeachta atá beartaithe, sa bhreis ar na cinn a shonraítear in Airteagail Chomhlachais an Iarratasóra, chun a chinntiú go mbeidh an tIarratasóir (a Fhoras Feidhmiúcháin agus a chomhaltaí) cuntasach don phobal a mbeidh sé ag freastal air.

[11] Measfar duine a bheith ina chomhalta "suntasach" más úinéir dlíthiúil nó tairbhiúil é/í ar scaireanna san iarratasóir a bhfuil deich faoin gcéad (10%) nó níos mó de na cearta vótála infheidhmithe ag cruinniú ginearálta den iarratasóir.

3.3 Struchtúr Bainistíochta

i) Déan cur síos, i bhfoirm cairte/léaráide agus inste, ar struchtúr bainistíochta reatha nó beartaithe an Iarratasóra, ag léiriú go soiléir róil agus stádas na foirne bainistíochta atá le ceapadh (lánaimseartha, páirtaimseartha agus/nó oibrithe deonacha).

ii) Má mholann an struchtúr bainistíochta úsáid a bhaint as fochoistí, sonraigh ballraíocht bheartaithe an fhochoiste sin, na nósanna imeachta maidir le hainmniúchán agus toghchán agus an réasúnaíocht lena gcuimsiú sa struchtúr bainistíochta.

iii) Tabhair mionsonraí ar an struchtúr tuairiscithe atá beartaithe idir an fhoireann bhainistíochta, lena n-áirítear aon fhochoistí, agus Foras Feidhmiúcháin an Iarratasóra;

iv) Cuir i ndáil le gach duine de na daoine aonair seo a leanas, nó a gcomhionann, a n-ainm iomlán, a seoladh baile, a n-aois, a gcáilíochtaí agus a dtaithí go dtí seo, go háirithe iad sin a bhaineann le pobal agus/nó craolachán ar fáil:

(a) Bainisteoir Stáisiúin; agus

(b) Oifigeach um Chomhlíonadh.

v) Sonraigh beartas an Iarratasóra[12] maidir le:

(a) luach saothair agus sochair na bainistíochta;

(b) conarthaí fostaíochta;

(c) caidreamh tionsclaíoch;

(d) oiliúint agus forbairt bainistíochta.

vi) Soláthair sonraí faoi aon scéimeanna tacaíochta fostaíochta, deontais nó oiliúna agus tabhair mionsonraí maidir le haon socruithe a rinneadh agus gealltanas a soláthraíodh nó a fuarthas faoi scéimeanna den sórt sin.

3.4 Carachtar an Iarratasóra

Freagair na ceisteanna seo a leanas "tá" nó "níl", thar ceann an Iarratasóra, lena n-áirítear, más comhlacht corpraithe é an tIarratasóir, a stiúrthóirí, a rúnaí nó oifigeach eile cosúil leis agus

[12] Ba chóir forbhreathnú ar na beartais agus na nósanna imeachta a leagan amach. Ní gá na Doiciméid Bheartais a sholáthar ag céim an iarratais ach féadfaidh Feidhmeannas an BAI iad a lorg ag pointe eile amach anseo. Ní mór d'iarratasóirí liosta de na beartais chuí a sholáthar mar aon le sonraí faoin am ar tugadh isteach iad agus ar an uair dheireanach a ndearnadh athbhreithniú orthu.

comhaltaí "suntasacha". Más "tá" an freagra ar aon cheann de na ceisteanna seo a leanas, tabhair sonraí iomlána.

(i) Ar ciontaíodh an tIarratasóir riamh i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht?

(ii) Ar cuireadh srian nó dícháiliú riamh ar an Iarratasóir mar Stiúrthóir Cuideachta, nó ar ciontaíodh é in aon chion faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2006 (arna leasú) sa dlínse seo nó faoi reachtaíocht choibhéiseach in aon dlínse eile?

(iii) Ar breithníodh an tIarratasóir mar fhéimheach riamh, ar tháinig sé dócmhainneach nó an ndearnadh socrú saorálach le creidiúnaithe, nó ar ceapadh glacadóir chuig aon cheann dá shócmhainní, sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?

(iv) An raibh an tIarratasóir riamh ina stiúrthóir ar chuideachta ar ceapadh glacadóir, a chuaigh faoi leachtú éigeantach, leachtú saorálach creidiúnaithe, faoi scrúdaitheoireacht nó a rinne socrú ar bith lena creidiúnaithe nó lena haicme creidiúnaithe?

(v) Ar ciontaíodh an tIarratasóir riamh i gcion faoi reachtaíocht ar bith lena rialaítear an Craolachán agus/nó teileagrafaíocht sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?

(vi) Ar cuireadh ar fionraí nó ar aisghaireadh ceadúnas nó conradh ag an Iarratasóir riamh arna eisiúint ag comhlacht ceadúnaithe craolacháin nó ag aon chomhlach reachtúil ar bith eile?

(vii) An feasach don Iarratasóir aon fháth nach dócha gur duine inniúil agus ceart conradh a bhronnadh air?

Cuid 4 – Caidreamh Pobail agus Lucht Féachana

Ba chóir go léireodh an tIarratasóir eolas agus tuiscint ar riachtanais an phobail lena mbaineann agus moltaí cuí a thíolacadh maidir le rannpháirtíocht ghníomhach an phobail sin ag gach leibhéal d'fheidhmiú na seirbhíse. Ba chóir go léireodh an tIarratasóir go dtabharfaidh an tseirbhís aghaidh ar leasanna an phobail agus go soláthróidh sí sochar sóisialta don phobal agus go gcuirfí isteach aon doiciméadú tacaíochta agus taighde. Ba cheart go dtabharfadh cur chuige an iarratasóra maidir le Caidreamh Pobail agus Lucht Féachana aird ar leith ar na táscairí Sochair Shóisialta atá leagtha amach sa Chreat Sochair Shóisialta, agus más féidir tagairt dhíreach a dhéanamh dóibh. Ba cheart go leanfadh táscairí Sochair Shóisialta atá san iarratas samhail S.M.A.R.T, agus go mbeidís infhíoraithe agus intomhaiste mar phríomhtháscairí feidhmíochta thar thréimhse ama ar leith.

4.1 Freastal ar an gComhphobal Geografach

i) Tabhair sainmhíniú ar agus soláthair próifíl an phobail a bhfuiltear ag freastal air.

ii) Ba cheart na doiciméid ábhartha go léir a lua ag léiriú, nuair is ábhartha, an fhoinse, an t-údar/na húdair, an foilsitheoir agus an bhliain foilsithe.

4.2 Rochtain agus Rannpháirtíocht an Phobail

i) Leag amach conas a dhéanfar an tseirbhís atá beartaithe a chur chun cinn agus a fhorbairt i measc an phobail a ndéanfar freastal orthu de réir *Beartais Meán Pobail an BAI.*

ii) Leag amach conas a éascófar agus a chuirfear rochtain pobail chun cinn trí ghnéithe éagsúla na seirbhíse; mar shampla, láthair na stiúideonna agus rochtain ar na stiúideonna.[13]

iii) Leag amach moltaí agus rannpháirtíocht an Iarratasóra agus conas a bheidh an tIarratasóir cuntasach as an bpobal ar a bhfreastalófar a chinntiú.

iv) Tabhair breac-chuntas ar chur chuige beartaithe an iarratasóra maidir le ceist na meastóireachta pobail agus lucht féachana, lena n-áirítear na modheolaíochtaí a mbeifear ag brath orthu agus a mhinice a dhéanfar meastóireachtaí den sórt sin. Cuir in iúl an buiséad atá le leithdháileadh ar an ngníomhaíocht seo.

4.3 Leas Pobail agus Sochar Sóisialta

i) Leag amach conas a chinnteoidh an tseirbhís bheartaithe go bhfreagraíonn sí do leasanna an phobail agus go bhfreastalaíonn sí orthu.

ii) Leag amach conas a leanfaidh an tseirbhís bheartaithe ar aghaidh ag forbairt agus ag cur lena ról sochair shóisialta thar shaolré aon chonartha. Ba chóir é seo a léiriú maidir le ar a laghad trí cinn de na sé réimse atá aitheanta sa Chreat Sochair Shóisialta[14] le hachar ama agus foinsí fianaise mar atá leagtha amach i d'iarratas de réir an tábla i bhFoirm Iarratais an BAI.

[13] Ba cheart díriú ar rannpháirtíocht an phobail in úinéireacht agus rialú agus clársceidealú sna codanna sin den iarratas.

[14] Creat Sochair Shóisialta an BAI: http://www.bai.ie/en/media/sites/2/dlm_uploads/2020/06/Community-Radio-Delivering-Social-Benefit-.pdf

Beartas Meán Pobail BAI: https://www.bai.ie/en/download/136264/

Cuid 5 – Clársceidealú

Ba cheart go leagfadh an tIarratasóir amach go soiléir conas a dhéanfaidh an tseirbhís na nithe seo a leanas:

(a) Freastal ar an bpobal agus/nó ar phobail laistigh den limistéar saincheadúnais;

(b) Cuir chun cinn agus tacú le rannpháirtíocht ghníomhach an phobail ina aschur clársceidealaithe;

(c) Cuir le hilchineálacht na gclár atá ar fáil sa limistéar saincheadúnais; agus

(d) Feidhmiú de réir na heitice nó an chórais luachanna atá mar bhonn agus mar thaca ag gníomhaíocht pobail.

Ba cheart go dtabharfadh cur chuige an iarratasóra maidir le Clársceidealú aird ar leith ar na táscairí Sochair Shóisialta atá leagtha amach sa Chreat Sochair Shóisialta, agus más féidir tagairt dhíreach a dhéanamh dóibh. Ba cheart go leanfadh táscairí Sochair Shóisialta atá san iarratas samhail S.M.A.R.T, agus go mbeidís infhíoraithe agus intomhaiste mar phríomhtháscairí feidhmíochta thar thréimhse ama ar leith.

5.1 Straitéis Chlársceidealaithe

i) Tabhair mionsonraí ar na straitéisí leanúnacha atá beartaithe ag an Iarratasóir a chur i bhfeidhm maidir le:

- taighde cláir;
- táirgeadh cláir;
- rialú cáilíochta;
- a chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais reachtúla agus na hoibleagáidí conartha craolacháin fuaime maidir le hábhar clár;
- a chinntiú go bhfeidhmeofar de réir na heitice nó an chórais luachanna atá mar bhonn agus mar thaca ag gníomhaíocht pobail.

ii) Na critéir a leagan amach ar a mbeidh, i dtuairim an Iarratasóra, rath an chlársceidealaithe le measúnú.

5.2 Ráiteas Beartais ar an gClár

Leagann an Ráiteas Beartais ar an gClár amach na gealltanais atá an t-iarratasóir sásta a thabhairt don BAI maidir le príomhghnéithe na seirbhíse cláir. Feidhmeoidh sé mar mhodh comparáide ar a ndéanfar feidhmíocht an iarratasóra rathúil sa todhchaí a thomhas agus a mheasúnú ina choinne agus mar sin beidh sé mar chuid, faoi réir tuilleadh idirbheartaíochta idir an BAI agus an t-iarratasóir rathúil, den chonradh idir an BAI agus an t-iarratasóir rathúil.

5.2.1 *Fealsúnacht Chraolacháin agus Éiteas Pobail.*

i) Déan cur síos i bhfoirm ráitis ar fhealsúnacht agus fís chraolacháin fhoriomlán an larratasóra don tseirbhís raidió agus conas a fhreastalóidh cáilíocht, réimse agus saghas an chlársceidealaithe ar an bpobal.

ii) Déan cur síos ar an mbealach a n-éascófar agus a spreagfar rochtain agus rannpháirtíocht ghníomhach an phobail i gcláir na seirbhíse.

5.2.2 *Lá Craolta.*

Tabhair le fios don tréimhse 07.00 – 19.00 **agus** don lá craolta iomlán.

i) líon iomlán na n-uaireanta craolacháin in aghaidh an lae;

ii) uaireanta an chlársceidealaithe bheo (tús agus deireadh) in aghaidh an lae;

iii) uaireanta an chlársceidealaithe athchraolta (tús agus deireadh) in aghaidh an lae;

iv) uaireanta an chlársceidealaithe réamhthaifeadta (tús agus deireadh) in aghaidh an lae;

v) céatadán na n-uaireanta craolacháin atá dírithe ar:

(1) clársceidealú ceoil;

(2) ábhar cainte;

(3) nuacht agus cúrsaí reatha; agus

(4) cumarsáidí tráchtála mar atá sainmhínithe i gCód Ginearálta an BAI maidir le Cumarsáidí

5.2.3 *Stíl Léiriúcháin.*

Déan cur síos ar na príomhghnéithe a dhéanfaidh idirdhealú idir an tseirbhís maidir le stíl léiriúcháin.

5.2.4 *Nuacht.*

Leag amach an cur chuige atá beartaithe do chláir nuachta, agus go háirithe an méid seo a leanas:

(a) Saghsanna na gclár nuachta agus cúrsaí reatha atá le craoladh (áitiúil, pobal etc.) agus conas a bhaineann sé leis an bpobal;

(b) Foinsiú na gcineálacha éagsúla nuachta;

(c) Líon agus fad na bhfeasachán agus na gclár nuachta (le linn na seachtaine agus ag an deireadh seachtaine)

5.2.5 Clársceidealú na gCúrsaí Reatha.

Leag amach an cur chuige atá beartaithe do chlársceidealú na gcúrsaí reatha, agus go háirithe an méid seo a leanas:

formáid, fad agus minicíocht na gclár sin (laethanta seachtaine agus deireadh seachtaine); agus

ábharthacht na gclár sin don phobal agus conas a chuirfidh siad le hilchineálacht na gcúrsaí reatha agus/nó clársceidealú sa limistéar sonraithe.

5.2.6 An Ceanglas Reachtúil i dtaobh Nuachta agus Cúrsaí Reatha.

Taispeáin, ag déanamh tagairt do na míreanna thuasluaite, conas a chomhlíonfaidh an t-iarratasóir na ceanglais reachtúla a bhaineann le craoladh nuachta agus cúrsaí reatha (2 uair am craolta idir 07.00 – 19.00 agus 20% den lá craolta iomlán).

5.2.7 Clársceidealú spóirt.

Leag amach an cur chuige atá beartaithe do chláir spóirt, agus go háirithe an méid seo a leanas:

saghsanna na gclár spóirt atá le tuairisciú agus conas a bhaineann sé leis an bpobal; agus

conas a chuirfidh na cláir spóirt le héagsúlacht na gclár spóirt atá ar fáil cheana féin sa limistéar sonraithe.

5.2.8 Clársceidealú urlabhra.

Leag amach an cur chuige maidir le clársceidealú cainte ghinearálta nó speisialtóra nach bhfuil nuacht, cúrsaí reatha nó spórt mar fhócas aige (ealaíona agus siamsaíocht, cultúr, stair, oideachas, leasanna mionlaigh srl). Go háirithe, leag amach:

formáid (clár faisnéise, irisleabhar srl.), teanga, fad, ábhar agus minicíocht (go seachtainiúil, go míosúil, etc.) na gclár sin;

an bhaint atá ag na cláir seo leis an bpobal agus conas a chuireann siad le héagsúlacht na gclár cainte agus/nó clársceidealú atá ar fáil sa limistéar sonraithe.

5.2.9 An Ghaeilge agus Clársceidealú Chultúr na hÉireann.

Leag amach an méid agus an saghas clársceidealaithe atá le craoladh:

i nGaeilge;

clársceidealú dátheangach, leag amach thart ar an méid Gaeilge atá iontu;

a bhaineann le cultúr na hÉireann.

5.2.10 Clársceidealú Ceoil Ghinearálta agus Saincheol/Ceol Nideoige.

Leag amach an beartas atá beartaithe maidir le clársceidealú ceoil, go háirithe an méid seo a leanas

an réimse agus an cineál ceoil atá beartaithe ar feadh an lae craolta agus déan tagairt, nuair is infheidhme, do sheánraí, do chairteacha, do bhunús agus/nó do réanna mionsonraithe an chéatadáin a bheidh le léiriú ag gach cineál;

an bhaint atá ag an mbeartas ceoil leis an bpobal agus conas a chuirfidh clársceidealú ceoil le héagsúlacht an cheoil agus/nó clársceidealú eile atá ar fáil sa limistéar sonraithe.

5.2.11 Beartas Ceoil na hÉireann.

Tabhair mionsonraí ar cheol na hÉireann a chraolfar agus, mar chéatadán d'aschur iomlán an cheoil, thart ar mhéid ceoil na hÉireann a sheinnfear thar an lá craolta iomlán.

5.2.12 Tallann Éireannach a chur chun cinn.

Tabhair mionsonraí ar an gcaoi a gcruthóidh an tseirbhís atá beartaithe deiseanna nua do thallann Éireannach maidir le ceol, drámaíocht agus siamsaíocht trí chlársceidealú, léiriúcháin nó urraíocht srl.

5.2.13 Ceannach agus díol ábhar craolta.

Tabhair mionsonraí ar an mbeartas atá beartaithe maidir le ceannach agus díol ábhar craolta, ó eagraíochtaí craolacháin eile agus ó léiritheoirí neamhspleácha araon.

5.2.14 Tograí clársceidealaithe eile.

Má bhaineann, déan cur síos ar aon tograí clársceidealaithe eile atá beartaithe le leanúint ar aghaidh leis an seirbhís.

5.3 Sceideal na gClár.

Cuir gnáthsceideal na gClár seachtainiúil ar fáil ina leagtar amach na huaireanta craolacháin agus na sonraí faoi ábhar clár atá beartaithe le nótaí míniúcháin ar an gcaoi a gcomhlíonann na cláir na gealltanais éagsúla mar a leagtar amach sa PPS agus go ginearálta, éagsúlacht an chlársceidealaithe sa réimse sonraithe.

Cuid 6 – Stiúideonna agus Tarchur -

6.1 Stiúideonna

Cuir líníocht mhionsonraithe scálaithe den limistéar stiúideo ar fáil mar aon le plean iomlán den stiúideo agus den choimpléasc oifige atá beartaithe. Cuir an méid seo a leanas san áireamh:-

6.1.1 An suíomh atá beartaithe (lena n-áirítear an t-ainm agus seoladh) agus an t-achar urláir iomlán atá ar fáil. I gcásanna ina mbeartaítear lonnú ar roinnt urlár nó i bhfoirgnimh ar leith, tabhair mionsonraí ar achar urláir gach cuid.

6.1.2 Cur síos ar an bhfoirgneamh atá beartaithe lena n-áirítear sonraí faoina thógáil, aois an fhoirgnimh, aicmí ceadaithe úsáide, leibhéal rochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus an fáth i dtuairim an iarratasóra go bhfuil sé oiriúnach le húsáid mar stiúideo raidió agus/nó mar shuíomh oifige.

6.1.3 Líníocht mhionsonraithe lena n-áirítear toisí na stiúideonna, na saoráidí teicniúla, na limistéir nuachta, oifige agus riaracháin. Go háirithe, caithfear sonraí a thabhairt faoin gcaoi a mbeartaítear na stiúideonna a thógáil, mar aon le sonraí faoin gcóiriú fuaimiúil.

Tabhair faoi deara gur cheart go ndearfaí leagan amach, trealamh agus cuntar oibre an stiúideo d'fhonn rochtain agus úsáid iomlán a éascú ag gach duine, gan struchtúir shealadacha a bheith ag teastáil. Ba cheart go n-áireofaí leis an líníocht forleagan de throscán uile an stiúideo agus na hoifige anuas ar thoisí na n-oscailtí uile dorais, leithid na bpasáistí agus na limistéir chúrsaíochta agus ghluaiseachta timpeall ar an stiúideo agus an troscán oifige. Ba cheart go léireofaí go soiléir ar na líníochtaí go gcomhlíontar agus go dtuigtear na rialacháin foirgníochta, go háirithe Cuid M agus Treoirlínte 'Building for Everyone' a d'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais.

6.1.4 Ba cheart achoimre a thabhairt ar théamh, aeráil agus stáisiún cumhachta cúltaca atá beartaithe a sholáthar freisin agus an áit a bhfuil an trealamh sin le bheith suite.

6.1.5 Na meicníochtaí slándála a bheartaítear chun rochtain neamhúdaraithe ar an stiúideo ar an aer a chosaint.

6.1.6 Cuir liosta ar fáil lena n-áirítear costais, den phríomhthrealamh teicniúil atá le suiteáil, mar aon leis an trealamh tástála agus teorannaithe diallais atá ar fáil.

6.1.7 Cuir liosta ar fáil de na costais mhiondealaithe le haghaidh athchóiriú foirgnimh, tógáil stiúideo, daingneáin oifige, feistis agus TF.

6.1.8 Sa chásanna go mbeartaíonn iarratasóir úsáid a bhaint as stiúideo, trealamh oifige nó ríomhaireachta nó foirgnimh atá ann cheana féin, sonraigh aois an trealaimh / na n-áiseanna atá beartaithe, saolré an trealaimh agus an plean chun trealamh / áiseanna den sórt sin a athsholáthar agus a athchóiriú le linn shaolré aon chonartha nua, chomh maith leis an bhfaisnéis go léir a iarrtar thuas.

6.1.9 Leag amach conas a éascófar agus a chuirfear rochtain pobail chun cinn trí ghnéithe éagsúla na seirbhíse, mar shampla, láthair na stiúideonna agus rochtain ar na stiúideonna.

Tabhair faoi deara:-

Ní thugtar aon dearbhú go gceadófar áitribh stiúideo atá in úsáid faoi láthair ag aon chonraitheoir craolacháin fuaime le húsáid faoi aon chonradh nua. Agus áitribh á mbeartú, ní mór d'iarratasóirí cloí go docht daingean leis na ceanglais atá leagtha amach sa chuid seo.

Ba cheart d'iarratasóirí na sonraí a iarrtar sa chuid seo a chur isteach d'aon stiúideonna breise/ rogha an diúltaithe atá beartaithe.

6.2 Togra Tarchurtha

Beidh an togra tarchurtha ar bhonn suímh aonair, laistigh den limistéar saincheadúnais, ag a mbeidh ERP ainmniúil 50 vata. Ba chóir go mbeadh an suíomh ag airde chuí, ach ní ró-iomarcach, agus nuair a chomhcheanglaítear é leis an bpatrún radaíochta aeróige, clúdach a sholáthar d'fhormhór an limistéir atá beartaithe agus ag an am céanna clúdach d'aon fharasbarr chuig limistéir lasmuigh den limistéar saincheadúnais a bheartaítear a íoslaghdú.

6.2.1 Tabhair an réasúnaíocht don phlean tarchurtha a chuimsíonn cur síos ginearálta ar an gclúdach atá beartaithe agus ar na limistéir a bhféadfadh glacadh imeallach nó míshásúil a fháil.

6.2.2 Ba cheart tábla de phríomh-shaintréithe teicniúla an stáisiúin tharchuradóra atá beartaithe a sholáthar san fhormáid seo a leanas:-

Ainm na Láithreach	**Comhordanáidí na Láithreach**	**Airde na Láithreach ASL**	**Airde Aeróige AGL**	**ERP per pol**
Cnoc Beag	123456O 123456T	120m	20m	17dBW per pol

Ní mór na comhordanáidí suímh a sholáthar i gceachtar díobh seo a leanas:

- Formáid mhéadrach, i.e., ó thuaidh agus soir. Is féidir iad seo a aimsiú go héasca ó léarscáil scála 1: 50000.
- Formáid Dhomhanleithid/Dhomhanfhaid. Ní mór iad seo a sholáthar i gCéimeanna, i Miontuairiscí agus i Soicindí, m.sh., 52º 14’ 56" ó Thuaidh, 7º 45’ 34" Siar.

6.2.3 An ndeachaigh tú i mbun caibidlíochta le húinéir/oibreoir an tsuímh/na suíomhanna maidir le socruithe do thréimhse an cheadúnais? Má chuaigh, tabhair sonraí. Mura ndeachaigh, luaigh cad iad na socruithe a bhfuiltear ag súil leo / a shamhlaítear?

6.2.4 Ba chóir na sonraí breise seo a leanas a chur ar fáil:-

(a) An patrún radaíochta aintéiní atá beartaithe don stáisiún tarchuradóra.

(b) Sonraí an chórais scagaire bandabhealaigh / comhcheangail agus an cúplóir treorach atá beartaithe chun comhlíonadh théarmaí an cheadúnais a chinntiú.

(c) Sonraí an fhotha fuaime.

(d) Deimhnigh má sholáthrófar gineadóir cúltaca éigeandála nó soláthar cumhachta fuireachais eile le húsáid ag an iarratasóir ag an saoráid tarchurtha.

(e) I gcásanna ina mbeartaíonn an grúpa iarratasóirí lonnú ar chrann atá ann cheana féin nó gar dó, beidh faisnéis maidir le húinéir agus le príomhúsáideoirí an chrainn sin ag teastáil.

(f) Cuir in iúl má tá iarratas pleanála déanta agus/nó ceadaithe don saoráid tarchurtha.

6.2.5 Ní mór plota clúdaigh tuartha réamh-mheasta ag ríomhaire, forshuite ar léarscáil oiriúnach, a sholáthar san fheidhmchlár i bhformáid A4 agus i gcomhad íomhá.

Ba cheart go léireodh sé seo go soiléir an clúdach ilchodach is féidir a bhaint amach ag baint úsáid as an láithreán tarchurtha atá beartaithe ag an iarratasóir. Ba chóir leibhéal an chlúdaigh a léiriú go soiléir trí úsáid a bhaint as pailéad dathanna oiriúnach atá bunaithe ar chéim incriminteach idir 3 agus 6 dBµV/m. Ní mór an tsamhail réamh-mheastacháin, maolú ar thranglam, taifeach an bhunachar sonraí tír-raoin, airde na haeróige glactha os cionn na talún agus an t-íosleibhéal comhartha iarmhartach a theastaíonn le haghaidh monaghlacadh i gceantair uirbeacha agus thuaithe a sholáthar.

6.2.6 Ba chóir tuairisc agus léaráid a chur ar fáil ar an nasc gréasáin lena n-áirítear léiriú ar an leibhéal cosanta nó ar na córais chúltaca a bheidh le n-imscaradh. Ba cheart an costas caipitil iomlán agus na táillí bliantúla a bhaineann leis a sholáthar.

6.2.7 Costais chaipitiúla mhiondealaithe don trealamh tarchurtha atá beartaithe lena n-áirítear tarchuradóirí VHF, glacadóirí, ionchódóirí RDS, scagairí bandabhealaigh, cúplóirí treoracha, cábla friotháalacha agus córas aeróige, teorantóir modhnaithne, naisc raidió, foirgneamh, téamh, aeráil, stáisiún cumhachta cúltaca, struchtúr tacaíochta aeróige agus suiteáil gach ceann díobh thuas. I gcásanna ina bhfuil saoráidí á soláthar ag cuideachta tarchurtha atá ann cheana féin,

beidh an costas caipitil agus bliantúil agus sonraí faoi leibhéal an trealaimh agus na seirbhíse ag teastáil. I gcásanna ina mbeartaíonn iarratasóir trealamh tarchurtha atá ann cheana a úsáid, ní mór aois an trealaimh atá beartaithe a úsáid, ionchas saoil an trealaimh agus plean, lena n-áirítear costais, chun trealamh den sórt sin a athsholáthar agus a athchóiriú le linn shaolré aon chonartha nua a chur ar fáil.

6.2.8 Sonraí faoin saineolas teicniúil atá ar fáil don ghrúpa iarratasóirí.

Tabhair faoi deara: -

Ní cheanglaítear ar an BAI glacadh le haon ghné de thogra tarchuir agus ní faoin BAI agus ComReg atá sé chun athruithe a lorg mar aon chuid den phlean tarchuir mar chuid d'idirbheartaíocht conartha le haon iarratasóir rathúil.

Ba cheart a bheith cúramach nuair a roghnaítear láithreacha tarchuradóra, go háirithe i gceantair uirbeacha, le glacadóirí baile a dhí-íogrú sa cheantar máguaird a sheachaint. Ba cheart do tharchuradóirí a bheith lonnaithe, ar an ábhar sin, i suíomhanna arda amach ó cheantair chónaithe.

6.2.9 Caithfidh gach suiteáil tarchuradóra VHF-FM cloí leis na coinníollacha teicniúla a leagtar amach i gCáipéis Theicniúil ComReg 12/04a atá ar fáil ar láithreán gréasáin ComReg, ag www.comreg.ie.

Cuid 7 – Anailís Margaidh, Plean Airgeadais agus Gnó

7.1 Straitéis Fhoriomlán Airgeadais. Tabhair mionsonraí ar an straitéis airgeadais atá beartaithe don chéad tréimhse idir trí- agus cúig- bliana. Caithfidh an straitéis a shonrú conas a bheartaíonn an t-iarratasóir gach riachtanas maoinithe réamhoibríochta agus ina dhiaidh a chomhlíonadh.

7.2 Togra Infheistíochta Cuir sonraí ar fáil ar na riachtanais mhaoinithe iomlána, agus conas a chomhlíonfar iad, ag comhlánú Táblaí A agus B.

Tábla A – Maoiniú	**€**
Scairchaipiteal / Suibscríbhinní na gComhaltaí	
Iasacht Fhadtéarmach/ Mheántéarmach	
Áiseanna Léasaithe / FC (luach caipitiúil)	
Deontais	
Tiomsú Airgid	
Rótharraingt Bhainc	
Eile (sonraigh)	
IOMLÁN	

Tábla B – Caiteachas

	€
Caiteachas Caipitil (lena n-áirítear luach caipitiúil na léasanna)	
Caiteachas Réamhoibríochta Eile	
Caipiteal Oibre (ag dáta ar an aer)	
IOMLÁN	

7.3 Foinsí Maoinithe agus Caiteachais. Tabhair eolas faoi:

i) Na straitéisí chun ioncam a ghiniúint ó na foinsí maoinithe éagsúla atá leagtha amach i dTábla A.

ii) Maidir le hiasachtaí atá beartaithe nó atá ann cheana:

(a) Méid, cineál agus fad na saoráide;

(b) An sceideal íostarraingthe;

(c) Aon ghealltanas nó ráthaíocht a theastaíonn chun tacú leis an saoráid;

(d) Príomhchúnaint / Réamhchoinníollacha;

(e) Barántaí/gnóthais i gcás mainneachtana;

(f) An t-achar ama chun na saoráidí a chur i bhfeidhm.

iii) Sonraigh an méid maoinithe a chuirfear i bhfeidhm roimh an gconradh, roimh sheoladh agus tar éis sheoladh na seirbhíse; agus

iv) Tabhair breac-chuntas ar an gcuid de sholáthar an chaiteachais chaipitiúil atá leithdháilte ar tharchur, foirgnimh stiúideo, trealamh stiúideo, feistis oifige agus costais eile.

7.4 Réamh-mheastachán Airgeadais.

Cuir an méid seo a leanas ar fáil:

i) cuntais mhionsonraithe réamh-mheasta ioncaim agus chaiteachais don chéad trí bliana ina sainaithnítear go soiléir na foinsí éagsúla ioncaim (m.sh., fógraíocht, urraíocht, tiomsú airgid, deontais srl.) agus caiteachas de réir an réimse oibríochta nó gníomhaíochta (foireann, clársceidealú srl.); [15]

ii) cláir chomhardaithe réamh-mheasta don chéad trí bliana;

iii) ráitis mhíosúla réamh-mheasta ar shreabhadh airgid a thaispeánann oll-insreafaí agus eis-sreafaí don chéad trí bliana;

[15] Ní mór tobhach an BAI a áireamh sna réamh-mheastacháin caiteachais. Tá ríomh an tobhaigh seo bunaithe ar ioncam cáilitheach Conraitheora craolacháin, ar ioncam cáilitheach an Tionscail chomh maith le caiteachas an BAI agus ionchorpraítear ann tréimhsí cuntasaíochta éagsúla. Dá réir sin, d'fhéadfadh go mbeadh sé gan bhunús d'iarratasóirí ionchasacha leibhéal réamh-mheasta a fháil don táille tobhaigh. Maidir leis seo agus chun críocha táscacha don phróiseas ceadúnaithe seo amháin, i gcúinsí ina bhfuil an t-ioncam faoi €550,000, beidh feidhm ag muirear tobhaigh de €250 + CBL in aghaidh na bliana ar chaiteachas tobhaigh..
Treoir maidir le hAighneachtaí: - Soláthar seirbhíse craolacháin fuaime pobail – Plean Ceadúnaithe 2022.

iv) liosta iomlán de na boinn tuisceana bhunúsacha ar a bhfuil na réamh-mheastacháin airgeadais bunaithe, ag baint go soiléir leis na tuairimí sin le codanna eile den iarratas;

v) na bearta a dhéanfar mura mbaintear amach na réamh-mheastacháin airgeadais a sholáthar (m.sh. chun aghaidh a thabhairt ar easnamh nó ar iasachtaí méadaithe thar thréimhse an chonartha).

vi) Leag amach bonn chun forálacha Alt 64(b)(ii) d'Acht 2009 a chomhlíonadh maidir le: *"Is leis an gcuspóir seo a leanas agus leis sin amháin a dhéanfar bunábhar clár a sholáthar de bhun an chonartha luaíocht airgid a bhaint amach nach mó ná an méid is gá le réasún chun na caiteachais a íoc a thabhófar le linn an tsoláthair sin a dhéanamh."*

7.5 Cúrsaí Foirne.

Leag amach an struchtúr foirne atá beartaithe i bhfoirm léaráide, ag cur in iúl go soiléir líon agus catagóirí na mball foirne atá fostaithe chun an tseirbhís bheartaithe a oibriú agus bunús a bhfostaíochta (m.sh. lánaimseartha, páirtaimseartha agus cibé acu ar phá nó ar bhonn neamhíoctha/ deonach).

7.6 Foireann Íoctha

Tabhair breac-chuntas ar:[16]-

i) leibhéal tuarastail atá beartaithe do gach post lánaimseartha agus páirtaimseartha a shainaithnítear faoi 7.5 thuas.

ii) tograí an iarratasóra maidir le foireann íoctha a aimsiú agus a earcú;

iii) beartas caidrimh thionsclaíoch an iarratasóra, lena n-áirítear a bheartas maidir le ballraíocht cheardchumainn a aithint;

iv) beartais an iarratasóra atá beartaithe maidir le luach saothair agus sochair na foirne, lena n-áirítear scéimeanna pinsin agus árachais, srl;

v) tograí an iarratasóra maidir le beartas agus straitéis oiliúna agus forbartha foirne, lena n-áirítear an buiséad bliantúil a bheartaítear;

[16] Ba chóir forbhreathnú ar na beartais agus na nósanna imeachta a leagan amach. Ní gá na Doiciméid Bheartais a sholáthar ag céim an iarratais ach féadfaidh Feidhmeannas an BAI iad a lorg ag pointe eile amach anseo. Ní mór d'iarratasóirí liosta de na beartais chuí a sholáthar mar aon le sonraí faoin am ar tugadh isteach iad agus ar an uair dheireanach a ndearnadh athbhreithniú orthu.

vi) aon scéimeanna tacaíochta fostaíochta nó oiliúna eile agus faisnéis maidir le haon socruithe a rinneadh nó gealltanas a soláthraíodh nó a fuarthas faoi scéimeanna den sórt sin; agus

vii) tograí nó beartais an iarratasóra, más ann dóibh, maidir le rannpháirtíocht nó ionadaíocht na foirne íoctha in úinéireacht, rialú nó bainistíocht an iarratasóra (m.sh., comhaltas den Fhoras Feidhmiúcháin, Fochoistí srl.)

7.7 Oibrí Deonacha

Ba cheart go dtabharfadh cur chuige an iarratasóra maidir le hoibriú le hoibrí deonacha aird ar leith ar na táscairí Sochair Shóisialta atá leagtha amach sa Chreat Sochair Shóisialta, agus más féidir tagairt dhíreach a dhéanamh dóibh. Ba cheart go leanfadh táscairí Sochair Shóisialta atá san iarratas samhail S.M.A.R.T, agus go mbeidís infhíoraithe agus intomhaiste mar phríomhtháscairí feidhmíochta thar thréimhse ama ar leith.

Tabhair sonraí ar[17]:-

i) líon na n-oibrithe deonacha a theastaíonn chun an tseirbhís atá beartaithe a fheidhmiú;

ii) straitéisí an Iarratasóra chun oibrithe deonacha a aimsiú agus a earcú thar thréimhse an chonartha;

iii) tograí an Iarratasóra maidir le rannpháirtíocht oibrithe deonacha i ngach réimse oibríochta den tseirbhís (m.sh. pleanáil clár, léiriú, cur i láthair, tiomsú airgid srl.)

iv) tograí nó beartais an Iarratasóra, (is leor liosta beartas nó naisc ar líne) más ann dóibh, maidir le rannpháirtíocht nó ionadaíocht na foirne oibrithe deonacha in úinéireacht, rialú nó bainistíocht an iarratasóra (m.sh. comhaltas den Fhoras Feidhmiúcháin, Fochoistí etc.):

v) tograí an Iarratasóra maidir le hoiliúint, tacaíocht agus forbairt oibrithe deonacha, lena n-áirítear an buiséad bliantúil atá beartaithe; agus

vi) aon scéimeanna tacaíochta fostaíochta nó oiliúna eile agus faisnéis maidir le haon socruithe a rinneadh nó gealltanas a soláthraíodh nó a fuarthas faoi scéimeanna den sórt sin.

[17] Ba chóir forbhreathnú ar na beartais agus na nósanna imeachta a leagan amach. Ní gá na Doiciméid Bheartais a sholáthar ag céim an iarratais ach féadfaidh Feidhmeannas an BAI iad a lorg ag pointe eile amach anseo. Ní mór d'iarratasóirí liosta de na beartais chuí a sholáthar mar aon le sonraí faoin am ar tugadh isteach iad agus ar an uair dheireanach a ndearnadh athbhreithniú orthu.

Cuid 8 –Tús Beartaithe an Chraolacháin

8.1 Dáta Ullmhachta. Cuir in iúl an dáta tosaithe a bheartaítear don tseirbhís.

8.2 Anailís Rébhealaigh. Sainaithin gach gníomh agus cinneadh agus a n-achar ama a chaithfidh an t-iarratasóir a dhéanamh ón am a mbronntar an conradh craolacháin fuaime pobail go dtí an dáta ar an aer.

Iarscríbhinn 1

Tréithe Teicniúla agus Clúdach na suíomhanna tarchuradóra ceadúnaithe.

Ainm na Láithreach	Minicíocht (MHz)	ERP in aghaidh an pholaraithe (dBW)	An chomhordanáid soir	An chomhordanáid ó thuaidh	Airde na Láithreach (m)	Airde Aeróige (m)	Gréasán Aeróige

Tábla 1: Saintréithe teicniúla na stáisiún tarchuradóra ceadúnaithe don oibritheoir reatha

CER Cumhacht Éifeachtach Radaithe
PC Polarú Ceartingearach

Figiúr 1: Clúdach tuartha bunaithe ar an ngréasán tarchurtha reatha

Iarscríbhinn 2

Riachtanais Chúrsaíochta Stiúideo

Taispeántar i bhFíor 2 na toisí tábhachtacha ar mhaithe le cuspóirí inrochtaineachta i ngnáthstiúideo. Seo a leanas luachanna íosta agus molta A, B agus C.
Is iad luachanna íosta A & B 750 mm.
Ba cheart go mbeadh A & B ar a laghad 1.2m.
Má tá A nó B níos lú ná 1.2m, teastaíonn caschiorcal 1.5m ag suíomh an láithreora taobh thiar den deasc.
Is é luach íosta C 1.2 m.
Go hidéalach, ba cheart go mbeadh caschiorcal 1.5m ann os comhair na deisce.



Fíor 2: Riachtanais chúrsaíochta stiúideo

Údarás Craolacháin na hÉireann

2-5 Plás Warrington

Baile Átha Cliath 2.

Teileafón: 01 644 1200

Ríomhphost: info@bai.ie

Suíomh Gréasáin: www.bai.ie